## An Oileán Comhroinnte 2026-2030

## Ciste Taistil, Léiriúcháin agus Ardán de chuid Chultúr Éireann

## Eolas d'Iarratasóirí

| **Na Príomhphointí le Tabhairt Faoi Deara** | |
|---|---|
| **Cathain a reáchtáiltear an Ciste seo?** | Reáchtáiltear an Ciste Taistil, Léiriúcháin agus Ardán de chuid an Oileáin Chomhroinnte ó lár-2026 go dtí mí na Samhna 2030. |
| **Cén maoiniú atá ar fáil?** | Cuirfidh **An Ciste Taistil, Léiriúcháin agus Ardán de chuid Chultúr Éireann,** ar luach €1m, ar chumas:<br><br>(i) Cur chuige feabhsaithe uile-oileáin chun tallann chultúrtha ealaíontóirí gairmiúla ó ar fud oileán na hÉireann a chur i láthair go hidirnáisiúnta ag Cultúr Éireann; €0.2m (2026 – 2030)<br>(ii) Tacaíocht uile-oileáin do chomh-léiriúcháin idirnáisiúnta agus do chamchuairteanna idirnáisiúnta a bhfuil comhpháirtí amháin ar a laghad ó Thuaisceart Éireann páirteach iontu; €0.8m (2026 – 2030) |
| **Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú?** | Dúnta ag 1pm, 7ú Aibreán 2026. Ní féidir iarratais a dhéanamh ach ar líne tríd an tairseach iarratais agus is féidir rochtain a fháil anseo. Cinntigh le do thoil go bhfuil Oileán Comhroinnte – Snáithe 2 luaite ag tús do thogra. |

**Cad is Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte ann?**
Bunaíodh tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte in 2020 agus tá sé mar aidhm aige lánacmhainneacht Chomhaontú Aoine an Chéasta a úsáid chun comhoibriú, nasc agus tuiscint fhrithpháirteach a fheabhsú ar an oileán agus chun dul i ngleic le gach pobal agus traidisiún chun comhthuiscint a chothú maidir le todhchaí chomhroinnte.

**Maoiniú do chomhoibriú cultúrtha**
I mí Feabhra 2025, d'fhormheas an Rialtas leithdháileadh suas le €10m ón gCiste Oileáin Chomhroinnte don tréimhse 2025-2030 do Chiste nua um Chomhar Cultúrtha Oileáin Chomhroinnte a bhfuil sé mar aidhm aige comhar, nasc agus tuiscint fhrithpháirteach a mhéadú ar oileán na hÉireann trí chomhar neartaithe idir institiúidí cultúrtha agus tacaíocht fheabhsaithe do chomhoibrithe cultúrtha uile-oileáin agus rannpháirtíocht lucht féachana. Cuirfidh sé le samhlacha agus líonraí inbhuanaithe comhoibrithe cultúrtha uile-oileáin a thógáil agus le forbairt comhair agus malartú ar fud an oileáin agus idir eagraíochtaí cultúrtha, Thuaidh agus Theas, agus comhpháirtithe idirnáisiúnta.
Tagraíonn na treoirlínte seo do ***Shnáithe 2: Ciste Taistil, Léiriúcháin agus Ardán an Oileáin Chomhroinnte de chuid Chultúr Éireann €1m (2026 – 2030).*** Tacóidh an snáithe seo le:

(i) Cur chuige feabhsaithe uile-oileáin chun ealaíontóirí gairmiúla ó ar fud oileán na hÉireann a chur i láthair do láithreoirí idirnáisiúnta;
(ii) Tacaíocht uile-oileáin do chomh-léiriúcháin idirnáisiúnta agus do chamchuairteanna idirnáisiúnta a bhfuil comhpháirtí amháin ar a laghad ó Thuaisceart Éireann páirteach iontu.

Éascóidh an maoiniú ardáin/seothaispeántas/camchuairteanna idirnáisiúnta agus comh-léiriúcháin shaothar ealaíontóirí gairmiúla ó ar fud an oileáin agus, go háirithe, éascóidh sé d'eagraíochtaí agus d'ionaid ealaíon i dTuaisceart Éireann camchuairteanna a dhéanamh, saothair nua a chomh-choimisiúnú agus comhpháirtíochtaí nua comh-léiriúcháin uile-oileáin a chumasú; chomh maith le rannpháirtíocht lucht féachana ar fud an oileáin agus go hidirnáisiúnta le cláir chultúrtha ar bhonn Oileáin Chomhroinnte.

**Cuspóirí na Scéime**
Is iad seo a leanas **cuspóirí sonracha *an ghlao seo ar thograí:***
- Ealaíontóirí gairmiúla ar fud Oileán na hÉireann a chur i láthair do láithreoirí idirnáisiúnta ar bhonn Oileáin Chomhroinnte;

- Comhpháirtíochtaí nua comh-léiriúcháin a fhorbairt ar bhonn uile-oileáin, lena n-áirítear le comhpháirtithe idirnáisiúnta;
- Rannpháirtíocht an lucht féachana a fhorbairt ó Thuaidh agus ó Dheas ar an oileán agus go hidirnáisiúnta;
- Samhail inbhuanaithe a thógáil le haghaidh comhair chultúrtha trasteorann idir institiúidí agus gníomhaireachtaí/comhlachtaí cultúrtha ar an oileán;
- Cuir le cur i bhfeidhm ghealltanas Chlár an Rialtais chun rochtain ar thacaíocht camchuairte a leathnú chuig eagraíochtaí agus ionaid ealaíon i dTuaisceart na hÉireann.

**Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú?**

Eagraíochtaí, institiúidí agus comhlachtaí ealaíon agus cultúir a bhfuil an cumas agus an taithí chruthaithe acu chun:

- Coimisiúnú, coimeád agus/nó seachadadh tionscadal ealaíne le haghaidh camchuairteanna intíre (i.e. uile-oileáin) a bhfuil an poitéinseal ann go ndéanfar cur i láthair idirnáisiúnta breise orthu;
- Ardáin a chruthú chun sármhaitheas ealaíonta ó ar fud oileán na hÉireann a thaispeáint, bíodh sé ina bhaile nó go hidirnáisiúnta;
- Cúlra a bheith ann i dtacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí ó gach cearn d'oileán na hÉireann.

- Ní mór d'iarratasóirí cuntas teiste nó cumas a léiriú chun oibriú ar bhonn uile-oileáin ar bhealach bríoch agus leanúnach.

- Tabharfar **tosaíocht** do thionscadail a chuireann ealaíontóirí gairmiúla Éireannacha ó ar fud oileán na hÉireann chun cinn, a éascaíonn rannpháirtíocht lucht féachana, lena n-áirítear léirithe, cláreagrú agus taispeántais, comhchruthú agus forbairt saothair nua agus malartuithe ealaíne.

- Ní mór don mhaoiniú **tacú le saothar nua**, i dteannta aon chláir leanúnacha nó gníomhaíochtaí pleanáilte. Faoi gach scéim éileofar ar iarratasóirí a léiriú conas a bheidh an saothar a mhaoinítear nua nó á fhorlíonadh, agus conas a chuirfidh sé go sainiúil le haon chláir atá ann cheana, agus an rannchuidiú le cuspóirí Shnáithe 2 de Chiste Comhoibrithe Cultúrtha an Oileáin Chomhroinnte a mhionsonrú.

- Díreoidh Snáithe 2 go sonrach ar mhaoiniú do chlárú nua/breise uile-oileáin agus seachnóidh sé maoiniú "ionaid" nó tacaíochtaí i leith tionscadail leanúnacha forbartha caipitil.

**Cé a reáchtálann an Ciste Taistil, Léiriúcháin agus Ardán an Oileáin Chomhroinnte?**

Reáchtálann Cultúr Éireann an Ciste.

**Maidir le Cultúr Éireann**

Tá Cultúr Éireann freagrach as ealaíona na hÉireann a chur chun cinn ar fud an domhain, deiseanna a chruthú agus tacú leo le go mbeadh ealaíontóirí agus cuideachtaí Éireannacha in ann a gcuid oibre a chur i láthair agus a chur chun cinn ag féilte agus ionaid idirnáisiúnta straitéiseacha. Forbraíonn Cultúr Éireann ardáin freisin chun saothar cruthaitheach Éireannach den scoth a chur i láthair lucht féachana idirnáisiúnta trí thaispeántais ag príomhimeachtaí ealaíon domhanda, lena n-áirítear Féile Dhún Éideann agus Biennale na Veinéise. Tacaíonn Cultúr Éireann le gairmeacha inbhuanaithe sna healaíona in Éirinn trí chabhrú le healaíontóirí Éireannacha a n-uaillmhianta idirnáisiúnta a bhaint amach agus a lucht féachana domhanda a mhéadú. I 2025, thacaigh Cultúr Éireann le breis is 5,500 cur i láthair ealaíne i mbreis is 50 tír do lucht féachana de bheagnach 7 milliún.

**Cén cineál tograí atá á lorg ag an gCiste Taistil, Léiriúcháin agus Ardán de chuid an Oileáin Chomhroinnte?**

- Deiseanna chun ealaíontóirí ó gach cearn d'oileán na hÉireann a chur ar taispeáint agus a chur ar ardán go hidirnáisiúnta;
- Comhchoimisiúin agus/nó comhléiriúcháin idirnáisiúnta;
- Deiseanna camchuairte idirnáisiúnta d'ealaíontóirí ó ar fud oileán na hÉireann; le comhpháirtí institiúideach amháin ar a laghad atá lonnaithe i dTuaisceart na hÉireann.

**An bhfuil príomh-iarratasóir de dhíth ar thogra?**

Tá. Ní mór don phríomhiarratasóir a bheith (i) ina n-eagraíocht ealaíon ghairmiúil atá lonnaithe ar oileán na hÉireann, nó (ii) ina iarratasóir idirnáisiúnta atá ag pleanáil ardán a chur ar fáil d'ealaíontóirí ó Tuaisceart na hÉireann i gcomhar le comhlacht ealaíon ó Tuaisceart na hÉireann.

**Cén maoiniú atá ar fáil?**

Tá dhá shnáithe maoinithe ar fáil le linn 2026 -2030.

(i) Cur chuige feabhsaithe uile-oileáin chun tallann chultúrtha ealaíontóirí ó ar fud oileán na hÉireann a chur i láthair go hidirnáisiúnta; €0.2m (2026 – 2030)
(ii) Tacaíocht uile-oileáin do chomh-léiriúcháin idirnáisiúnta agus do chamchuairteanna idirnáisiúnta a bhfuil comhpháirtí amháin ar a laghad ó Thuaisceart na hÉireann páirteach iontu; €0.8m (2026 – 2030)

Díreoidh Snáithe 2 maoiniú ar eagraíochtaí/tionscadail ar féidir leo tacaíochtaí a sholáthar ar scála agus tionscadail a bhfuil luach straitéiseach leo, ag tacú le torthaí fadtéarmacha. Chun é seo a chinntiú, ní bhreithneofar ach ar tionscadail os cionn €10,000 i gcás tionscadal atá maoinithe faoi Shraith 2 (i) agus os cionn €50,000 i gcás tionscadal atá maoinithe faoi Shraith 2 (ii).

**Cathain a chaithfidh an tionscadal a bheith ar siúl?**
Ní mór tionscadail a sheachadadh idir Bealtaine 2026 agus Samhain 2030. Is féidir le tionscadail iarratas a dhéanamh ar thionscadal amháin a bheidh ar siúl i mbliain amháin nó tionscadal ilbhliantúil a bheith i gceist.

**Conas a oibríonn íocaíocht an mhaoinithe?**
Tairgfear maoiniú don phríomhiarratasóir faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse (SLA). Cuirfear aschuir bheachta le haguisín leis an gComhaontú Leibhéal Seirbhíse.

Riarann Cultúr Éireann an ciste tríd an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, agus ní mór do riarachán an deontais cloí le *Ciorclán 13/2014 – Bainistiú agus Cuntasacht i leith Deontas ó Chistí an Státchiste*. Ní mór duit an t-eolas seo a léamh agus a bheith eolach air sula dtosaíonn do thionscadal.

**Próiseas Measúnaithe**
Beidh feidhm ag an bpróiseas measúnaithe seo a leanas:

1. Measúnú Tosaigh: Déanfaidh Cultúr Éireann athbhreithniú tosaigh/measúnú teicniúil ar iarratais ar a snáitheanna incháilitheachta.

2. Déanfaidh Painéil Neamhspleácha Athbhreithnithe Piaraí measúnú ar na deontais chun moltaí a dhéanamh do Chultúr Éireann maidir le fiúntas ealaíonta na n-iarratas.

3. Déanfaidh Cultúr Éireann athbhreithniú ar mheasúnuithe na n-iarratas agus déanfaidh sé moltaí maidir le maoiniú don Choiste Maoirseachta.

4. Scrúdaíonn an Coiste Maoirseachta na moltaí de réir an phróisis athbhreithnithe atá leagtha amach thuas agus déanann sé moltaí maidir le maoiniú don Aire.

5. Cinneadh: Déanann an tAire cinneadh críochnaitheach maidir le maoiniú.

D'fhonn **iarratas a dhéanamh ar an maoiniú seo**, ba cheart na sonraí seo a leanas a bheith sna tograí:

- Ainm an tionscadail atá beartaithe
- Ní mór comhpháirtí as Tuaisceart Éireann a bheith san áireamh le heagraíocht(eacha) comhpháirtíochta
- Cuspóir foriomlán an tionscadail

○ Comhoibriú pleanáilte idir an t-iarratasóir agus a eagraíocht/eagraíochtaí comhpháirtíochta, lena n-áirítear amlíne gníomhaíochtaí.

○ An struchtúr maoirseachta a chuirfidh an t-iarratasóir agus a pháirtí/chomhpháirtithe i bhfeidhm chun an tionscadal a bhainistiú.

○ Conas a chuirfidh an tionscadal cuspóirí Shnáithe 2 de Chiste Comhoibrithe Cultúrtha an Oileáin Chomhroinnte i gcrích

○ Conas a chumasóidh an tionscadal comhoibriú nó idirghníomhaíocht shuntasach nua Thuaidh-Theas, agus conas a chuirfidh sé le naisc nó caidrimh uile-oileáin (nó conas a leathnóidh sé go suntasach scóip nó tionchar comhoibrithe atá ann cheana).

○ Má mholtar comhpháirtí idirnáisiúnta a áireamh chomh maith leis an gcomhpháirtí/na comhpháirtithe ar oileán na hÉireann, ba chóir a mhionsonrú conas a chuirfidh sé seo le cuspóirí foriomlána Chiste Comhoibrithe Cultúrtha an Oileáin Chomhroinnte agus le cuspóirí an tionscadail féin.

○ Na hacmhainní breise (lena n-áirítear saineolas príomhphearsanra atá ann cheana, acmhainní fisiciúla, agus leas a bhaint as líonraí) a thabharfaidh an t-iarratasóir agus a chomhpháirtí(íthe) leis an tionscadal.

○ Sonraí iomlána chostais an tionscadail; agus an méid maoinithe atá á lorg chun aghaidh a thabhairt ar na nithe sin, lena n-áirítear réamhaisnéis mhionsonraithe caiteachais ó bhliain go bliain. Is féidir é seo a uaslódáil mar dhoiciméad breise leis an iarratas.

○ Conas a sholáthróidh an maoiniú atá á lorg gníomhaíocht shubstaintiúil bhríoch thar an dá dhlínse ar oileán na hÉireann. D'fhéadfadh caiteachas lasmuigh d'oileán na hÉireann, más ábhartha, a bheith inghlactha, ach ní mór bonn cirt soiléir a thabhairt dó.

○ An raon a mbeifear ag súil leis don tionscadal i measc lucht féachana ó Thuaidh agus ó Dheas nó go hidirnáisiúnta.

○ Gealltanas go mbeidh admháil chuí ar mhaoiniú an Oileáin Chomhroinnte ar gach ábhar a bhaineann leis an tionscadal.

**Meastar gur** ciste iomaíoch a bheidh ann, agus is dócha nach maoineofar gach tionscadal go dtí an leibhéal maoinithe atá iarrtha.

Déanfar measúnú ar iarratais ar an ngearrliosta de réir na gcritéar seo a leanas:

| **Critéar** | **Marcanna atá ar Fáil** |
|---|---|
| Conas a chomhlíonann an tionscadal aidhmeanna straitéiseacha Shraith 2 | 50 |
| Taithí na gComhpháirtithe agus na Foirne Tionscadail | 50 |
| An tionscadal foriomlán agus a chuid aidhmeanna | 50 |
| Féidearthacht lena n-áirítear costais | 20 |
| **Iomlán** | **170** |

**Conas Iarratas a dhéanamh**
Ní féidir iarratais a dhéanamh ach ar líne tríd an tairseach iarratais agus is féidir rochtain a fháil anseo. Cinntigh le do thoil go bhfuil Oileán Comhroinnte – Snáithe 2 luaite ag tús do thogra. Ba chóir iarratais a chur isteach tráth nach déanaí ná 1pm, 7ú Aibreán 2026. Cinntigh le do thoil go ndéantar gach doiciméad breise, lena n-áirítear buiséid, a uaslódáil sula gcuirtear an t-iarratas deiridh isteach.

Is féidir ceisteanna maidir le Snáithe 2 a chur chuig sharedisland@cultureireland.gov.ie tráth nach déanaí ná 1pm, 24ú Márta 2026.

Déanfar gach sonraí pearsanta a chuireann tú chugainn mar chuid den phróiseas iarratais a phróiseáil i gcomhréir le Beartas na Roinne um Chosaint Sonraí.
Ní bhreithneoimid:

- Iarratais a fuarthas tar éis an spriocdháta thuas.
- Iarratais a chuirtear isteach tríd an bpost, de láimh nó le cúiréireachta.
- Iarratais a bhfuil stádas 'dréacht' orthu ar an dáta agus am deiridh.

**Tabhair faoi deara na dátaí tábhachtacha seo, le do thoil**

| Céim | Sonraí | Dáta |
|---|---|---|
| **Osclaítear an Ciste d'Iarratais** | Osclaítear an scéim d'iarratais. | 10ú Márta 2026 |
| **Soiléirithe** | Is féidir fiosruithe a chur isteach trí ríomhphost chuig sharedisland@cultureireland.gov.ie. | 24ú Márta 2026 |
| **Dúnann an Ciste d'Iarratais** | Ní bhreithneofar ach iarratais a fhaightear roimh 1pm ar an dáta sin. | 7ú Aibreán 2026 |
| **Measúnú ar Iarratais** | Measúnú ar iarratais de réir na gcritéar atá liostaithe sa doiciméad seo. | Aibreán-Bealtaine 2026 |
| **Cuirtear Iarratasóirí ar an Eolas** | Cuirtear gach iarratasóir ar an eolas faoi thoradh a n-iarratais. | Bealtaine 2026 |

**Cad iad na costais nach féidir a áireamh?**

Ní ceadmhach duit na nithe seo a leanas a chur san áireamh i do bhuiséad

- Costais nach mbaineann go díreach leis an tionscadal (lena n-áirítear caiteachas caipitil);
- Caiteachas a tharlaíonn roimh dháta faofa an tionscadail;
- Iarratais chaipitil le haghaidh feabhsuithe foirgnimh ar spásanna oibre agus ar ionaid;
- Comhdhálacha neamhspleácha;
- Tionscadail taighde;
- Cónaitheachtaí ealaíontóirí.